# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH — ARDLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 16 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI GACH ROINN DE NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as Freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar an gceist/ na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |



THALL →

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.
SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ,
NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 5 mharc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** Is é an dearcadh atá ag an aondiachas gurb ann do nithe saolta amháin.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**2.** Is é an dearcadh atá ag an iolrachas ná ______________________________

______________________________

**3.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil an bhaint is mó ag Rak'at leis?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**4.** De réir na Soiscéal duine amháin ar thaispeáin Íosa é féin dó/di tar éis a aiséirí ba ea ______

______________________________

**5.** Léigh liosta na réad reiligiúnach agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Rinneadh réad amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Réada Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Shofar | An Búdachas |
| Roth na hUrnaí | An Chríostaíocht |
| Búrca | An Hiondúchas |
| Umar Baiste | An tIoslamachas |
| Lampa Arti | An Giúdachas |

| | *Réad Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *Umar Baiste* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**6.** Sa chinnteoireacht mhorálta bíonn freagracht ag baint le gach ceart daonna mar ___________

______________________________

**7.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag an ainm Shiva leis?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐

**8.** Is féidir cur síos a dhéanamh ar an daonnachas saolta mar bhealach neamhreiligiúnach le freagraí a thabhairt ar cheisteanna faoi bhrí na beatha. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**9.** Sampla de shiosma i mór-reiligiún domhanda is ea ______________________________

______________________________

**10.** Is é a chiallaíonn urnaí phobail ná ______________________________

______________________________

**11.** Léigh liosta na n-áiteanna oilithreachta agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Rinneadh áit oilithreachta amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige léi mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Áiteanna Oilithreachta* |
|---|
| Bodh Gaya |
| Meidíne |
| An Talamh Naofa |
| Balla an Olagóin |
| Varanasi |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

| | *Áit Oilithreachta* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *An Talamh Naofa* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**12.** De réir na Soiscéal bhí an áit inar iarr Íosa den chéad uair ar Shíomón Peadar é a leanúint in aice le — (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN MHUIR MHARBH ☐ LOCH NA GAILÍLE ☐ ABHAINN NA hIORDÁINE ☐

**13.** Is é an dearcadh atá ag an mbunúsachas reiligiúnach ná ______________________________

______________________________

**14.** Is é a chiallaíonn misean pobail chreidimh ná ______________________________

______________________________

**15.** Is soiscéal sionoptach é Soiscéal Mhatha. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**16.** Is é an sainchreideamh Críostaí is mó in Éirinn sa lá atá inniu ann ná ____________________

**17.** Cé acu **ceann** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint aige leis an ngníomh siombalach reiligiúnach de Róba Cróch a chaitheamh? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**18.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'fáidh' ná duine a ____________________

______________________________

**19.** Tréith amháin de chreideamh na hóige is ea ______________________________

______________________________

**20.** Cé acu **ceann** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint aige leis an ngníomh siombalach reiligiúnach de Tefillin a chaitheamh? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ CINN** DE NA CEITHRE GHRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA A GHABHANN LEO. **(Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.** **Is fógra é seo ó phobal creidimh.**

*Nótaí an Pharóiste*
*Seirbhísí Reiligiúnacha:*
Dé Domhnaigh: 10.30 am
I rith na seachtaine: 6.30 pm
*Craolta ar an Raidió ar 101.4 fm laistigh de 3 km*

*Grúpa do Thailte an Pharóiste*
Cabhraigh leis na tailte a ghlanadh
Dé Sathairn 10 am
*Fáilte roimh bhaill nua*

*Grúpa um Fhorbairt Creidimh*
ag teacht le chéile
Dé Céadaoin
Ionad an Pharóiste
8 pm

Beidh an glaoch deiridh dár 'nAchainí Bosca Bróg' ar siúl Dé Domhnaigh seo chugainn.
*Ba chóir na boscaí a fhágáil sa Seomra Cruinnithe faoi 12.30 pm.*

Le heolas a fháil —
www.Alex @ parishcentre.ie

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón bhfógra a thugann le tuiscint go bhfuil an chumarsáid tábhachtach don phobal creidimh seo.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Tréith amháin de phobal creidimh is ea an chumarsáid. Luaigh tréith **eile** de phobal creidimh.

______________________________

(2 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil an chumarsáid ag teastáil laistigh de phobal creidimh.

i. ______________________________


______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 2.** **Is grianghraf é seo de scrín reiligiúnach.**



*(Foinse http://resources.hwb.wales.gov.uk)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thugann le tuiscint gur scrín reiligiúnach í seo.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Reiligiún domhanda a bhfuil baint aige le 'ildiachas' is ea — ______________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** shampla de conas a léirítear an t-ildiachas i mór-reiligiún domhanda.

i. ______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(6 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

**Ceist 3.** **Is pictiúr é seo bunaithe ar pharabal a d'inis Íosa.**



*(Foinse: www.prillycharmin.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón bpictiúr a thugann le tuiscint go bhfuil sé bunaithe ar pharabal a d'inis Íosa.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Ainmnigh parabal **eile** a d'inis Íosa.

________________________________________

(2 marks)

**C.** Tabhair **dhá** chúis a d'úsáid Íosa parabail chun teagasc a thabhairt faoi Ríocht Dé.

i. ______________________________________


______________________________________

ii. ______________________________________

______________________________________

(6 mharc)

**Ceist 4.** **Is líníocht í seo de chód morálta.**




*(Foinse: Arna oiriúnú ó www.alittlebitoflight.org)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón líníocht a thugann le tuiscint go bhfuil sí bunaithe ar chód morálta.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas agus ainmnigh cód morálta a bhfuil an bhaint is mó aige leis:

AN BÚDACHAS ☐ AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐

AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐

AN GIÚDACHAS ☐

*Ainm an Chóid Mhorálta:*

________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** bhealach a gcabhraíonn cód morálta leis na baill de phobal creidimh.

i. ______________________________________

______________________________________

ii. ______________________________________

______________________________________

(6 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN SCÉAL THÍOS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR INA DHIAIDH.

… bhí cailín óg, nach raibh níos mó ná deich mbliana nó aon bhliain déag d'aois, ina seasamh sa líne do theach anraith in áit atá buailte leis an mbochtaineacht i gcathair mhór. Ba í an duine deireanach í sa líne fhada. D'éirigh na hoibrithe deonacha a bhí ag ullmhú agus ag dáileadh amach an bhia imníoch go raibh an bia ag éirí gann. Níor thug an cailín beag é seo faoi deara. Bhí a haire dírithe ar thriúr páistí bheaga a bhí trasna na sráide uaithi, iad ina suí agus ag fanacht di sa scáth faoi chrann mór darach. Lean an cailín beag uirthi ag fanacht go foighneach sa líne, ach nuair a d'éirigh léi barr na líne a bhaint amach ar deireadh, an t-aon rud a bhí fágtha ná banana. Gan aon ghearán a dhéanamh thóg sí an t-aon bhanana amháin. Rinne sí meangadh gáire agus chlaon sí a ceann agus ghabh buíochas leis na hoibrithe deonacha. Ansin shiúil sí ar ais trasna na sráide chuig an triúr páistí níb'óige.



Bhain sí an craiceann den bhanana go cúramach agus bhris sí i dtrí phíosa chothroma é. Thug sí aon trian amháin den bhanana do gach páiste. Ansin, shuigh sí síos ar an gcosán agus leadhb sí an taobh istigh de chraiceann an bhanana. Bhí duine a chonaic gníomh an ghrá a rinne an cailín beag sin, a dúirt níos déanaí: "Nuair a chonaic mé a ndearna an cailín beag sin an lá sin, chonaic mé aghaidh Dé."

*(Foinse:Arna chur in oiriúint ó 'The Best of James W. Moore Thoughts on Faith and Grace from a Master Storyteller'& www.pinterest.com)*

**1.** Ón léamh atá déanta agat ar an scéal thuas, mínigh i do chuid focal féin a raibh i gceist ag an duine a dúirt: "Nuair a chonaic mé a ndearna an cailín beag sin an lá sin, chonaic mé aghaidh Dé."

(10 marc)

**2.** Déan cur síos ar shampla **eile** den chaoi a bhféadfadh taithí saoil mothú a thabhairt do dhuine go bhfuil Dia/na déithe/neach diaga i láthair.



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

(12 mharc)

**3.** Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi ar féidir an mhaoirseacht a fheiceáil sa scéal thuas.

(12 mharc)

**4.** Mínigh **dhá** chúis a spreagann baill d'eagraíocht reiligiúnach an mhaoirseacht a chleachtadh in Éirinn sa lá atá inniu ann.

i.

ii.

(16 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Is teideal é an tArdeaspag a thugtar do cheannaire reiligiúnach. Luaigh teideal **eile** a thugtar do cheannaire de phobal creidimh in Éirinn sa lá atá inniu ann. ____________

(5 mharc)

b. Samhlaigh go bhfuil tú ag éisteacht le hagallamh le ceannaire reiligiúnach a bhfuil an teideal aige/aici a luaigh tú i g*cuid A a)* thuas. Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist sa ról atá ag ceannaire reiligiúnach a bhfuil an teideal seo aige/aici i bpobal creidimh.

(15 mharc)

**B.** a. Déan cur síos ar shampla **amháin** den chaoi a raibh baint ag éagsúlachtaí reiligiúnacha idir dhaoine le staid choimhlinte in Éirinn nó in áit éigin eile.

(15 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

b. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo a leanas agus mínigh conas a spreagfadh sé caoinfhulaingt sa suíomh a bhfuil cur síos déanta agat air i g*cuid B a)* thuas.

FÍS INSPIORÁIDEACH ☐ TÉACS DIAGA ☐

(15 mharc)

**Ceist 2. BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. De réir an traidisiúin Chríostaí bhí an Chincís ann roimh aiséirí Íosa.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (5 mharc)

b. Déan cur síos ar cad a tharla um Chincís de réir an traidisiúin Chríostaí.

(15 mharc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

c. Mínigh **dhá** bhealach a ndeachaigh ar tharla um Chincís i bhfeidhm ar na chéad Chríostaithe.

i.

ii.

(14 mharc)

**B.**

- AN EOCAIRIST
- CUIMHNEACHÁN
- ÍOBAIRT

Roghnaigh **dhá** cheann díobh seo thuas agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a raibh gach ceann díobh mar ghné de cheiliúradh Íosa ag an Suipéar Déanach.

i.

ii.

(16 mharc)

## Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** a. Léigh liosta na bpaidreacha agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Déan paidir **amháin** mheaitseáil leis an reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige léi.

| *Paidreacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| An Shahadah | An Búdachas |
| An Seama | An Hiondúchas |
| An Paritta | An tIoslamachas |
| An Rig Veda | An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Paidir* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(5 mharc)

b. AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda liostaithe thuas agus déan próifíliú ar an gcreideamh reiligiúnach a léirítear i bpaidir a bhfuil baint aige léi.


__________
(*PAIDIR*)

________________________________________

(15 mharc)

**B.** a. AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda liostaithe thuas agus cuir tic ✓ leis an áit ar an léarscáil thíos a bhfuil an bhaint is mó aici lena scéal bunaidh.




*(Foinse: Arna chur in oiriúint http://www.clker.com)*

(5 mharc)

b. Ainmnigh duine amháin *nó* grúpa amháin a bhfuil baint aige le scéal bunaidh an reiligiúin dhomhanda ar chuir tú tic leis i *gcuid B a)* thuas. ________________

(5 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

c. Déan cur síos ar an gcaoi ar mhair daoine sa chuid den domhan ar chuir tú tic leis i g*cuid B a)* thuas, ag an am ar cuireadh tús leis an reiligiún domhanda.

(20 marc)

**Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH**

**A.** a. AN TEAGHLACH ☐ NA MEÁIN ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus mínigh conas a d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar chreidimh reiligiúnacha duine sa lá atá inniu ann.

(10 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

b. *Is cuid de scéal na bpríomhreiligiún domhanda é gníomhartha na gcreidmheach.*

Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** ina léirítear creideamh reiligiúnach duine atá bainteach le scéal príomhreiligiúin dhomhanda, ó eachtra ina s(h)aol.

(14 mharc)

**B.** a. ♦ AN BÚDACHAS ♦ AN CHRÍOSTAÍOCHT ♦ AN HIONDÚCHAS ♦ AN tIOSLAMACHAS ♦ AN GIÚDACHAS

Tabhair breac-chuntas ar an teagasc faoi chruthú an domhain a bhfuil baint aige le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda liostaithe thuas.

*(REILIGIÚN DOMHANDA)*

(12 mharc)

b. Déan cur síos ar chosúlacht **amháin** agus ar dhifríocht **amháin** idir na dearcthaí reiligiúnacha agus na dearcthaí eolaíochta i dtaca le cruthú an domhain.

*Cosúlacht*:

*Difríocht:*

(14 mharc)

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** a. RINNFHEITHEAMH ☐ MACHNAMH ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus déan cur síos ar a bhfuil i gceist le hurnaí a dhéanamh ar an mbealach seo.

(10 marc)

b. Mol cúis **amháin** a n-úsáideann daoine rinnfheitheamh *nó* machnamh mar chineál urnaí sa lá atá inniu ann.

(12 mharc)

c. Mínigh **dhá** chúis a bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag daoine sa lá atá inniu ann urnaí a dhéanamh.

i.

ii.

(12 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

**B.** a. Mínigh conas a d'fhéadfadh úsáid íocón reiligiúnach cabhrú le duine Dia/ na déithe/neach diaga a adhradh.

(16 mharc)

***nó***

b. Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá ar shacraimint i sainchreideamh Críostaí **amháin** a ndearna tú staidéar air.

*(SAINCHREIDEAMH)*

(16 mharc)

**Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA**

**A.** a. Agus traidisiún reiligiúnach á theagasc tuigtear 'peaca' mar ______________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an bpeaca do bhaill de mhór-reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air.

(14 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

**B.** a. Mínigh conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag ceann **amháin** díobh seo a leanas ar an mbreithiúnas a thugann duine ar a bhfuil ceart agus mícheart i suíomh áirithe.

- CAIRDE
- AN SCOIL

(15 mharc)

b. *Samhlaigh go dtagann duine ar sparán airgid ar ligeadh dó titim ar an talamh.*

Tabhair breac-chuntas ar conas a chabhraíonn coinsias an duine leis/léi cinneadh a dhéanamh maidir leis cad é an rud is ceart a dhéanamh sa suíomh áirithe seo.



*(Foinse: www.lds.org)*

(16 mharc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.** Déan próifíliú ar **dhá** stíl ceannaireachta a bhfuil baint acu le ceann amháin díobh seo a leanas:

● EAGLAIS ● EAGRAÍOCHT REILIGIÚNACH ● ORD REILIGIÚNACH

**Ceist 2.** Scrúdaigh an difríocht idir an rud a raibh na Giúdaigh ag súil leis ón Meisias le linn aimsir Íosa Nazórach agus an bealach a gcuirtear Íosa i láthair sna Soiscéil.

**Ceist 3.**

◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS

◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

Déan próifíliú ar an tionchar a imríonn creideamh reiligiúnach ar stíl mhaireachtála na gcreidmheach i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas.

**Ceist 4.** Cuir patrún an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn sa lá atá inniu ann i gcomparáid le patrún dá leithéid atá le fáil in áit eile san Eoraip.

**Ceist 5.**

◆ AN BÚDACHAS ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN HIONDÚCHAS

◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

*Bíonn féilte reiligiúnacha ag reilgiúin dhomhanda ag amanna éagsúla le linn na bliana féilire.*

Déan measúnú ar an ról a bhíonn ag féile reiligiúnach i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas agus na ceannteidil seo a leanas in úsáid agat:

i. Bunús na féile reiligiúnaí.
ii. An bealach a ndéantar an fhéile reiligiúnach a cheiliúradh sa lá atá inniu ann.

**Ceist 6.** Déan próifíliú ar an mbealach a dtabharfá faoi chinneadh a dhéanamh ar a bhfuil ceart agus mícheart maidir le saincheist saoil ó thaobh an liobraíochais de.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO dTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist ___



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| | | |
|---|---|---|
| + | = | |

(70 marc)

Leathanach Bán